Coimisinéir um Nochtadh Cosanta
Protected Disclosures Commissioner

N.B.: léigh na Nótaí ar Leathanach 3, le do thoil, sula líonfaidh tú an fhoirm seo

Príobháideachas: Léiríonn Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta meas iomlán ar an gceart i leith príobháideachais atá agat. Tá sonraí iomlána faoi conas a úsáidimid do shonraí pearsanta ar fáil ag https://opdc.ie/privacy-cookies/. Iarrtar ort teagmháil a dhéanamh linn más maith leat go seolfaimid cóip dár mBeartas Príobháideachais chugat.

DÉAN MACHNAMH AR AN MÉID SEO A LEANAS, LE DO THOIL, SULA SEOLFAIDH TÚ DO THUAIRISC:

- An gcáilíonn tú do na cosaintí faoin Acht um Nochtadh Cosanta? Is féidir leat eolas breise a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo.
- Ar mhaith leat labhairt le ball dár bhfoireann faoin méid a tharlaíonn nuair a sheoltar tuairisc? Chun teacht ar eolas ar ár nós imeachta réamhfhostaithe, glaoigh, le do thoil, ar 01-6395646.
- An dteastaíonn comhairle uait faoi do chúinsí sula ndéanann tú tuairisc? Chun teacht ar eolas ar thacaíocht agus acmhainní, téigh go dtí an nasc seo, cliceáil anseo le do thoil.

Liostaítear ar an bhfoirm seo eolas a theastaíonn uainn chun gur féidir linn an té is cuí le do thuairisc a fháil a mheas. Ní gá duit gach mír den fhoirm a líonadh. Mura mbíonn eolas iomlán againn, áfach, b'fhéidir nach mbeimid in ann tabhairt faoi bhearta áirithe. Mar shampla, mura soláthraíonn tú sonraí teagmhála, ní féidir linn a aithint go bhfuaireamar do thuairisc.

Ná cuir cáipéisíocht tacaíochta san áireamh leis an bhfoirm seo, le do thoil. Má theastaíonn uainn eolas breise uait lena dheimhniú cé hé an duine is cuí le do thuairisc a láimhseáil, déanfaimid teagmháil leat.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go seolfar an fhoirm seo, anuas ar aon cháipéisíocht tacaíochta, chuig an duine cuí. Ní chuirfimid an fhoirm seo in eagar ná ní athróimid í. Is féidir leis an duine sin an fhoirm seo le teagmháil a dhéanamh leat agus lena n-oibleagáidí dlíthiúla féin a chomhlíonadh.

Sonraí Pearsanta (féach Nóta 1 thíos)

Ainm _____

Seoladh _____

_____

Uimhir Ghutháin _____

Ríomhphost _____

Ainm d'eagraíochta: _____

Post san eagraíocht _____

An bhfuil aon riachtanais speisialta agat, e.g. riachtanais Braille, téacs mór? Má tá, tabhair sonraí, le do thoil:

An mian leat go ndéanfar teagmháil leat tar éis an tuairisc seo a dhéanamh Is mian/Ní mian

Conas ba mhaith leat go ndéanfar teagmháil leat? _____

Sonraí faoin éagóir ábhartha (Féach, le do thoil, Nóta 2):

Dáta na héagóra ábhartha: _____

An bhfuil an éagóir ábhartha ag tarlú go fóill? Tá/Níl

Murar tharla an éagóir ábhartha, mínigh, le do thoil, cé chomh dóchúil a tharlóidh sí?

_____

Tabhair cuntas, le do thoil, ar an eolas a bhaineann le héagóir ábhartha is mian leat a thabhairt le fios?

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Tabhair cuntas, le do thoil, ar ainm agus ar phost aon duine nó daoine a líomhnaítear go raibh baint acu san éagóir ábhartha (más eol): (Féach Nóta 3, le do thoil)

_____

_____

_____

Má mheasann tú go bhfuil tú i mbaol pionósú tromchúiseach, tabhair cuntas, le do thoil, ar do chúinsí agus ar chineál an bhaoil (féach Nóta 4, le do thoil).

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Má cheapann tú go bhfuil baol ann go ndéanfar fianaise a bhaineann leis an éagóir ábhartha a cheilt nó a mhilleadh, tabhair na sonraí agus luaigh cineál an bhaoil seo, le do thoil.

_____

_____

_____

Dáta: _____

Seol an fhoirm seo, le do thoil, chuig Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773 nó seol ar ríomhphost í chuig disclosures@opdc.ie (Nóta 5).

Nótaí

1. **Tuairisciú gan Ainm**

Tabhair faoi deara, le do thoil, gur féidir leat tuairisc a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta go hanaithnid agus cloífimid lenár n-oibleagáidí a mhéid agus is féidir linn. Má dhéanann tú do thuairisciú go hanaithnid, b'fhéidir nach mbeimid in ann teagmháil a dhéanamh leat faoi do thuairisc. Cuireann an dlí cosc nó teorainn ó ghníomhú i leith tuairisce atá anaithnid faoi roinnt cúinsí ar fhaighteoir do thuairisce (agus ar an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta, faoi roinnt cúinsí áirithe).

2. **Éagóir ábhartha:**

Téarma é "éagóir ábhartha" a shainmhínítear in alt 5(3) – (5) den Acht um Nochtadh Cosanta agus áirítear leis aon rud den mhéid seo a leanas:

Cionta coiriúla
Teip ar oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh (seachas do chonradh fostaíochta)
Iomrall ceartais
Sláinte agus sábháilteacht a chur i mbaol
Díobháil a dhéanamh don chomhshaol
Úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí a bhaint as cistí poiblí
Iompar leatromach, idirdhealaitheach nó faillíoch a dhéanann comhlacht poiblí
Sáruithe ar dhlí an AE
Fianaise i leith éagóir ábhartha a cheilt nó a mhilleadh

3. **Tuairisciú ar na daoine atá bainteach:**

Tabhair na sonraí siúd dúinn, le do thoil, atá agat ar bhealach fíriciúil. Seachain, le do thoil, tátail a bhaint faoi dhaoine nó faoi chionta ar leith.

4. **Pionósú:**

Sainmhínítear pionósú é in alt 3(1) den Acht um Nochtadh Cosanta. Ciallaíonn sé aon ghníomh nó easnamh díreach nó indíreach a tharlaíonn i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair, ar tuairisc a dhéanamh is cúis leis, agus a mbíonn oibrí thíos le dochar gan údar dá bharr. Chun teacht ar eolas breise ar phionósú, téigh, le do thoil, go dtí ár láithreán gréasáin.

5. Bealaí eile le tuairisc a dhéanamh:

Tabhair faoi deara, le do thoil, gur féidir leat tuairisc a dhéanamh freisin leis an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta trí scríobh chuig an seoladh thuas, trí ríomhphost a sheoladh chugainn ag disclosures@opdc.ie nó trí ghlao orainn ar 01-6395650.